Coimisiún na Meán

# Scéim Tuairiscithe Nuachta:
# Treoir d'Iarratasóirí

Dáta foilsithe:
22 Aibreán 2026

Spriocdháta Iarratais Leathnaithe:
5 Meitheamh 2026, 12.00 i.n.

Public

# Clár Ábhair


**1. Réamhrá** 3

**2. Aidhmeanna Leathana agus Téamaí Leathana** 3

**3. Maoiniú Scéime Tuairiscithe Nuachta** 4

**4. Nósanna Imeachta chun Iarratas a Dhéanamh** 5

4.1 Iarratas a Chur Isteach 5
4.2 Clárú 5
4.3 Seicliosta Iarratais 5
4.4 Cruinneas na Faisnéise 6
4.5 Dáta Deiridh 6
4.6 Ábhar Rúnda 6
4.7 Saoráil Faisnéise 6
4.8 Cosaint Sonraí 6
4.9 Coinbhleachtaí Leasa 7
4.10 Maoiniú maidir le Státchabhair 7
4.11 An tAcht um Thús Áite do Leanaí 7

**5. Nós imeachta um Measúnú** 7

5.1 Réamh-mheasúnú 8
5.2 Measúnú Cáilíochtúil 10
5.3 Measúnú Straitéiseach 11
5.4 Daingniú an Choimisinéara 11
5.5 An Próiseas Chinnteoireachta 11
5.6 Cinntí Maoinithe 12
5.7 Conradh do dhéanamh 13
5.8 Séanadh 14

Aguisín 1 – Maitrísí Scórála Measúnaithe 15

Maitrís Scórála Réamh-mheasúnaithe 15
Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Cháilíochtúil 16
Maitrís Scórála an Measúnaithe Straitéisigh 17

# 1. Réamhrá

Is de thiomantas Choimisiún na Meán ("An Coimisiún"), coimisiún na hÉireann chun craoltóirí agus na meáin ar líne a rialáil agus chun tacú le forbairt na meán, meáin atá rathúil, agus éagsúil a áirithiú. Tá sé freagrach as scéimeanna maoinithe éagsúla a oibriú, lena n-áirítear Scéim Tuairiscithe Nuachta.

Is scéim maoinithe iriseoireachta í an Scéim Tuairiscithe Nuachta agus tá sé mar aidhm ag an scéim seo tacú leis na meáin sa ról tábhachtach atá aici maidir le hiriseoireacht ar leas an phobail a chruthú agus sa chás seo, tuairisciú ar chúrsaí nuachta agus moladh i dtuarascáil Choimisiún um Thodhchaí na Meán, "...nach ndéantar mórán tuairiscithe orthu, nó go bhfuil siad i mbaol gannsoláthair."

Deartar an scéim chun tacaíocht airgeadais spriocdhírithe a sholáthar do sholáthraithe meán agus do chleachtóirí iriseoireachta ar leas an phobail atá i mbaol agus chun tacú le tuairisciú nuachta ardchaighdeáin, cruinn agus cothrom atá ina fhoinse dílis d'fhaisnéis nua do shaoránaigh agus é seo a mhéadú.

Seo an dara leagan den scéim, atá neodrach ó thaobh ardáin de. Tá sí téamach agus dírithe ar ábhar, agus tacóidh sí le hábhar tuairiscithe nuachta **breise** ar raon leathan topaicí, ar bhonn náisiúnta.

Is é príomhchuspóir na Scéime Tuairiscithe Nuachta tacaíocht agus neartú a thabhairt do ról ríthábhachtach soláthraithe seirbhísí meán i dtuairisciú ar ábhair nuachta nach bhfuil soláthar suntasach orthu faoi láthair, nó atá i mbaol nach mbeidh soláthar leordhóthanach orthu.

# 2. Aidhmeanna Leathana agus Téamaí Leathana

Is iad aidhmeanna leathana na Scéime Tuairiscithe Nuachta ná:

- **Tuairisciú ábhair ar leas an phobail a fheabhsú** agus a chosaint: Deis a thabhairt d'earnáil na meán cáilíocht agus leibhéal tuairiscithe nuachta ar chúrsaí nach ndéantar mórán tuairiscithe orthu faoi láthair agus a fheabhsóidh eolas agus tuiscint na saoránach ar chúrsaí áitiúla agus náisiúnta;
- **Feabhsú cáilíochta agus ionadaíochta:** Tacú le tuairisciú nuachta neamhspleách ardchaighdeáin atá cruinn agus cothrom, agus atá éagsúil go cuí, inrochtana, cuimsitheach agus ionadaíoch ar Éirinn chomhaimseartha; cleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a spreagadh agus a thacú;
- **Ilchineálacht sna meáin a chosaint, a fheabhsú agus a chur** chun cinn: Tacú le raon éagsúil foinsí ábhair agus guthanna agus iad a chur chun cinn chun ilchineálacht i dtimpeallacht na meán a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear sa Ghaeilge;
- **Tacaíocht & acmhainn a fhorbairt:** Tacaíocht a thabhairt d'earnáil na meán in am an ghátair lena chinntiú go bhfuil sí in ann oideachas a chur ar luchtanna féachana agus eolas a thabhairt dóibh ar chúrsaí nuachta, go háirithe saincheisteanna nach ndéanfaí tuairisciú orthu seachas sin;
- **Freagairt ar mhífhaisnéis agus ar bhréagaisnéis:** Tacú le foinsí nuachta cruinne agus dílse a sholáthar in am a bhfuil mífhaisnéis agus bréagaisnéis níos coitianta ná riamh.

Tacóidh an Scéim Tuairiscithe Nuachta le bearta chun cabhrú le soláthraithe seirbhíse meán píosaí nó sraitheanna fócais doimhne a dhéanamh ar raon leathan saincheisteanna nuachta nach bhfuil clúdaithe go mion faoi láthair, ach níl sé teoranta dóibh sin amháin. Áirítear leis seo:

- Ábhair nuachta atá tearcthuairiscithe go substaintiúil nó atá i mbaol a bheith tearcthuairiscithe ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach.
  D'fhéadfadh sé seo tuairisciú a dhéanamh ar chúrsaí amhail spás gan sos - tionchar beartais phoiblí; saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar phobail thuaithe; saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar phobail na Gaeilge ; iompar; ábhar a ardaíonn feasacht agus tuiscint an phobail ar shaincheisteanna AE agus domhanda a mbíonn tionchar acu ar Éirinn; inbhuanaitheacht; imirce; grúpaí imeallaithe; saincheisteanna gnóthaí sóisialta agus cultúrtha le fócas nuachta;
- Téamaí/saincheisteanna ar leith a thagann faoin raon seo;
- Tionscadail chun imscrúdú a dhéanamh ar chúrsaí nuachta nach dtuairiscítear orthu i ngnáthoibríochtaí asraon nuachta/aird a tharraingt orthu;
- Ábhar nó tionscadail a chuireann i gcoinne mífhaisnéise agus bréagaisnéise i réimse an tuairiscithe nuachta agus/nó a chuireann i gcoinne seachaint nuachta.
- Abhár ar bith thuas i nGaeilge.

Beidh ar iarratasóirí a mhíniú cén fáth nach bhfuil mórán tuairiscithe ar a dtopaic nó cén fáth go bhfuil baol ann go ndéanfar amhlaidh.

Faoin Scéim, spreagtar ábhar trasardáin agus tionscadail chomhoibríocha le soláthraithe seirbhíse meán eile.

# 3. Maoiniú Scéime Tuairiscithe Nuachta

Is scéim í seo chun tacú le cruthú ábhar iriseoireachta ar ardchaighdeán, ar mhaithe leis an leas poiblí, atá inrochtana, agus dá réir sin chun feabhas a chur ar rochtain shaoránaigh na hÉireann ar fhaisnéis iontaofa ar ardchaighdeán maidir le cúrsaí nuachta.

Maoiníonn An Coimisiún 95% de chostais na dtionscadal rathúil a chuirfear isteach faoin Scéim seo.
Beidh An Coimisiún ag leithdháileadh maoinithe trí chóras babhtaí maoinithe iomaíocha.

Déanfaidh An Coimisiún líon na mbabhtaí maoinithe, a n-uainiú agus leibhéal an mhaoinithe a chinneadh, faoi réir roinnt fachtóirí, lena n-áirítear infhaighteacht an mhaoinithe, toradh phróiseas Bhuiséad 2027 agus féidearthachtaí maidir le h-atriallacha den Scéim amach anseo.

# 4. Nósanna Imeachta chun Iarratas a Dhéanamh

## 4.1 Iarratas a Chur Isteach

Ní mór gach iarratas a dhéanamh tríd an bhfoirm ar líne ag cnam.submit.com faoi 12:00 ar dháta deiridh an bhabhta maoinithe, mura luaitear a mhalairt. Ní féidir iarratais a chur isteach ach amháin nuair a bhíonn babhta maoinithe oscailte. Beidh gach babhta maoinithe oscailte ar feadh ceithre seachtaine ar a laghad

roimh an dáta deiridh foilsithe. Dícháileofar iarratais neamhiomlána. Beidh cinneadh an Choimisiúin ina leith seo críochnaitheach.

## 4.2 Clárú

Ní mór d'iarratasóirí nua ar mian leo iarratas a dhéanamh ar an Scéim mar dhuine aonair/trádálaí aonair, nó thar ceann cuideachta nó soláthraí seirbhíse meán clárú mar iarratasóir ar cnam.submit.com. Mura bhfuil tú cinnte conas iarratas a chur isteach, déan teagmháil leis an gCoimisiún ag journalism@cnam.ie le haghaidh eolais agus cúnaimh. Reáchtálfaidh an Coimisiún seisiúin eolais agus foilseoidh sé Ceisteanna Coitianta d'iarratasóirí freisin.

## 4.3 Seicliosta Iarratais

Chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, ní mór duit 'tá' a fhreagairt ar na 12 cheist seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| **1** | Léigh mé an doiciméad Scéim Tuairiscithe Nuachta agus Treoir na Scéime Tuairiscithe Nuachta d'Iarratasóirí – Babhta 2. | Tá/Níl |
| **2** | Táim cláraithe ar an ardán ar líne mar iarratasóir ar cnam.submit.com. | Tá/Níl |
| **3** | Comhlánóidh mé an fhoirm iarratais ar líne agus cinnteoidh mé go mbeidh gach deimhniú tríú páirtí san áireamh san iarratas. Déanfar aon ábhar a mheastar a bheith rúnda a mharcáil agus leagfar amach go soiléir an réasúnaíocht atá taobh thiar de rúndacht a lorg. | Déanfaidh mé/Ní dhéanfaidh mé |
| **4** | Beidh an t-ábhar beartaithe sa bhreis agus beidh sé mar aidhm aige tacú le hacmhainn agus/nó í a fhorbairt chun cúrsaí nuachta ar leas an phobail a chlúdach. | Tá/Níl |
| **5** | Is féidir liom faisnéis agus sonraí cuí a sholáthar chun an saineolas eagarthóireachta riachtanach agus an taifead láidir tiomantais do thuairisciú nuachta leasa phoiblí a léiriú, chomh maith le cuntasacht/freagracht eagarthóireachta i soláthar na hiriseoireachta sin. | Tá/Níl |
| **6** | Cuirfidh mé faisnéis ar fáil chun a léiriú cén fáth nach ndéantar mórán tuairiscithe ar an ábhar nó cén fáth go bhfuil baol ann go ndéanfar amhlaidh. | Tá/Níl |
| **7** | Cuirfidh mé faisnéis agus sonraí iomchuí ar fáil chun na lucht féachana a bhfuiltear ag freastal orthu a léiriú, lena n-áirítear freastal an luchta féachana, i soláthar iriseoireachta leasa phoiblí áitiúil i limistéar ábhartha an údaráis áitiúil. | Cuirfidh mé/Ní Chuirfidh mé |
| **8** | Cuirfear an t-ábhar maoinithe go léir ar fáil don phobal saor in aisce agus ní bheidh sé faoi balla íocaíochta. | Tá/Níl |
| **9** | Roinnfear an t-ábhar maoinithe go léir agus cuirfear faoi bhráid an tairseach journalismschemes.cnam.ie é freisin chun an riachtanas foilsitheoireachta 7 lá a éascú. | Tá/Níl |
| **10** | Is eintiteas rialáilte é an t-iarratasóir, agus beidh an tionscadal maoinithe faoi réir na gcód agus na gcaighdeán ábhartha de chuid rialtóir meán aitheanta de chuid an AE amhail an Coimisiún nó an Chomhairle Preasa. | Tá/Níl |
| **11** | Tá an cumas agus an acmhainn ag an bhfoireann iarratasóra an tionscadal a chur i gcrích mar atá leagtha amach, lena n-áirítear an cumas chun déileáil le hoibleagáidí AD amhail párolla, clúdach laethanta saoire agus saoire bhreoiteachta; agus cumais bhainistíochta agus dualgais chúraim chuí. | Tá/Níl |
| **12** | Tá tionscadal beartaithe aitheanta. | Tá/Níl |

## 4.4 Cruinneas na Faisnéise

Ní mór gach eolas a chuirtear isteach mar chuid d'iarratas ar mhaoiniú a bheith fíor agus ceart.

## 4.5 Dáta Deiridh

Ní mór an t-iarratas agus na ceangaltáin ábhartha a chur isteach trí cnam.submit.com roimh 12 i.n ar on 5 Meitheamh 2026.

## 4.6 Ábhar Rúnda

Ba chóir faisnéis a mheasann iarratasóir a bheith rúnda a aibhsiú agus a mharcáil mar **'Ábhar Rúnda'.** Cinnteoidh an Coimisiún go ndéanfar an fhaisnéis sin a láimhseáil i gceart, lena n-áirítear nuair a bheidh an próiseas iarratais críochnaithe.

## 4.7 Saoráil Faisnéise

Geallann an Coimisiún a dhícheall a dhéanamh chun aon ábhar a chuirtear ar fáil dó, a bhfuil sé léirithe gur soláthraíodh faoi rún é nó gur sonraí íogaire tráchtála nó pearsanta iad, a choinneáil faoi rún, faoi réir oibleagáidí an Choimisiúin faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ("Acht um Shaoráil Faisnéise"). Iarrtar ar iarratasóirí agus ar dheontaithe a mheas an bhfuil aon chuid den fhaisnéis a chuirtear ar fáil don Choimisiún in iarratas nó le linn conarthaí ina dhiaidh sin nár cheart a nochtadh mar gheall ar a hábhar íogair, an t-ábhar seo a shainaithint agus na cúiseanna lena íogaireacht a shonrú. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le hiarratasóirí maidir leis an eolas rúnda, phearsanta nó íogaireach ó thaobh tráchtála de sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir le haon iarratas a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Féadfar faisnéis den sórt sin a scaoileadh mar fhreagra ar iarratas um Shaoráil Faisnéise mura meastar go bhfuil sí íogair ó thaobh tráchtála de.

## 4.8 Cosaint Sonraí

Chun an babhta maoinithe seo a oibriú go héifeachtach, beidh faisnéis faoin iarratasóir agus faisnéis mhionsonraithe faoin ábhar atá beartaithe ag teastáil uainn. Áireofar sa sonraí agus sa cháipéis seo faisnéis phearsanta amhail teidil poist, tuarastail agus seoltaí ríomhphoist.

Comhlíonfaidh an Coimisiún a oibleagáidí faoi Treoir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideacht sonraí agus aon fhaisnéis phearsanta den sórt sin a chuirtear faoi bhráid an tionscnaimh mhaoinithe seo á láimhseáil agus á próiseáil aige.

Úsáidfear an fhaisnéis a chuirtear isteach in iarratas, lena n-áirítear aon fhaisnéis phearsanta, chun an t-iarratas a phróiseáil agus chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an iarratasóir.

Ní choinneofar aon fhaisnéis phearsanta a chuirtear isteach (seachas sonraí teagmhála an Chonraitheora a úsáideadh chun críocha an bhabhta san áireamh) ach amháin i gcás go n-éireoidh leis an iarratas. Bheadh an fhaisnéis sin ag teastáil don chonradh maoinithe agus chun feidhmíocht an deontais agus na torthaí gaolmhara a thomhas ina dhiaidh sin. Féadfar an fhaisnéis a úsáid freisin chun críche athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim agus ag taighdeoirí seachtracha. I gcásanna den sórt sin, dhéanfaí an fhaisnéis phearsanta go léir a anaithnidiú.

Tá an Coimisiún tiomanta agus oibleagáideach na sonraí pearsanta uile a chuirtear isteach mar fhreagra ar ghlao ar iarratais don bhabhta maoinithe seo a chosaint. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta ag https://www.cnam.ie/ga agus faoi théarmaí agus coinníollacha an Choimisiúin ag https://www.cnam.ie/ga.

## 4.9 Coinbhleachtaí Leasa

Ní mór don Choimisiún cloí leis an Acht um Eitic in Oifig Phoiblí (1995) agus leis an Acht um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí (2001). I ndáil leis seo, má thagann tú ar an eolas, mar iarratasóir, faoi chúinsí a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a chruthú i gcomhthéacs d'iarratais, ní mór duit na cúinsí sin a thabhairt faoi bhráid an Choimisiúin láithreach.

### 4.10 Maoiniú maidir le Státchabhair

De réir Chinneadh (AE) 2025/2630 ón gCoimisiún maidir le seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta, ceanglaítear ar an gCoimisiún trédhearcacht iomlán a bheith aige i ndáil leis an maoiniú go léir a sholáthraítear faoin Scéim seo agus na dámhachtainí maoinithe a fhoilsiú ar an idirlíon agus iad a áireamh i dtuarascáil a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh gach dhá bhliain, agus a chomhordóidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ní mór don Choimisiún an fhaisnéis uile is gá a choinneáil ar fáil freisin, le linn na tréimhse iontaoibhe agus ar feadh 10 mbliana ina dhiaidh sin, le go bhféadfadh iniúchtaí seachtracha féideartha AE breithniú a dhéanamh ar '*an bhfuil an fhaisnéis uile is gá chun a chinneadh an bhfuil an cúiteamh a deonaíodh comhoiriúnach*' leis an gcinneadh maidir le seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta. Dá réir sin, cinnteoidh an Coimisiún go gcoimeádfar na taifid ábhartha uile lena n-iniúchadh don tréimhse thuasluaite.

### 4.11 An tAcht um Thús Áite do Leanaí

Mar chomhlacht poiblí, tá oibleagáidí ar an gCoimisiún faoin Acht um Thús Áite do Leanaí (2015). I gcás ina bhfuil Coimisiún ag maoiniú tionscadail nó gníomhaíochta a bhaineann le leanaí nó le haosaigh leochaileacha, tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus ar an deontaí araon cloí le forálacha an Achta. Más rud é go bhfuil baint ag ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat le leanaí nó le haosaigh leochaileacha, ba chóir é seo a chur in iúl san fhoirm iarratais. Tabhair do d'aire, mar choinníoll chun maoiniú a fháil, go n-iarrfar ort cóip de do Bheartas maidir le Cosaint Leanaí/do Bheartas maidir le Cosaint Aosach Soghonta a sholáthar agus dearbhuithe a thabhairt go bhfuil do thionscadal ag feidhmiú i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí. Is féidir Treoirdhoiciméad Náisiúnta maidir leis an Acht um Tús Áite do Leanaí a fháil anseo.

# 5. Nós imeachta um Measúnú

Tá ceithre chéim sa phróiseas measúnaithe agus baineann gach céim le measúnú iarratais i gcoinne critéir réamhchinntithe mar bhonn taca le tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán, leis an Acht Craolacháin 2009, arna leasú, agus le chuspóirí an Choimisiúin. Is iad seo a leanas na céimeanna measúnaithe agus cinnteoireachta:

- Cáilíocht (Réamh-mheasúnú)
- Measúnú Cáilíochtúil
- Measúnú Straitéiseach
- Daingniú an Choimisinéara

Mar threoir d'iarratasóirí, leagann an Coimisiún amach thíos conas a chuirfear na nósanna imeachta do gach céim i bhfeidhm agus iarratais á measúnú.

### 5.1 Réamh-mheasúnú

Ní mór d'iarratais roinnt critéar íosta a chomhlíonadh le go mbreithneofar iad le haghaidh maoinithe. Ní mór d'iarratasóirí ar an scéim a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh, agus ní mór an t-iarratas a bheith le haghaidh tionscadal oibre a bhaineann leis an Scéim agus na costais cheadaithe gaolmhara.

Sa chomhthéacs seo, ba cheart don ábhar beartaithe a mhaoineofar faoin scéim a bheith tuairisciú nuachta **breise** don soláthraí seirbhíse meán.

Tá tuilleadh treorach maidir leis na critéir seo leagtha amach thíos agus tá Maitrís Scórála an Reamh-mheasúnaithe leagtha amach in Aguisín 1 mar eolas agus mar thagairt.

Mura gcomhlíontar aon cheann de na critéir íosta seo, dích//áileofar iarratais. Beidh cinneadh an Choimisiúin ina leith seo críochnaitheach.

### 5.1.1 Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú?

- Eintitis dhlíthiúla seanbhunaithe ar féidir leo maoirseacht eagarthóireachta agus taifead gnó i gclúdach nuachta a léiriú, agus atá faoi réir chóras caighdeán rialtóra ábhartha AE. Ní mór eintitis a bheith rialáilte tráth an iarratais.
- Saoririseoirí a chomhoibríonn le heintitis dhlíthiúla seanbhunaithe mar atá leagtha amach thuas.

Déanfaidh an t-iriseoir/na hiriseoirí agus an soláthraí/na soláthraithe seirbhísí meán agus na daoine/eagraíochtaí eile go léir atá bainteach leis an tionscadal na caighdeáin nó na cóid ábhartha agus na nósanna imeachta um ghearáin a bhfuil siad faoina réir a thacú agus cloí leo.

### 5.1.2 Cad is féidir a mhaoiniú leis an scéim?

Is féidir leis an Scéim Tuairiscithe Nuachta maoiniú a thabhairt do 95% de gach costas a bhaineann le hailt nuachta a chruthú agus a fhoilsiú, nó tuairiscí a chlúdaíonn cúrsaí nach ndéantar mórán tuairiscithe orthu nó atá i mbaol sin, bunaithe ar na téamaí a leagtar amach i gCuid 2 thuas agus i 5.1.3 thíos. Cabhróidh an maoiniú seo le soláthraithe seirbhíse meán píosaí nó sraitheanna fócais doimhne a dhéanamh ar raon leathan saincheisteanna.

Ní ghlacann an Scéim le hiarratais ar chlúdach/thuairisciú nuachta atá ann cheana féin agus/nó ar ábhar caighdeánach é.

Sa chomhthéacs seo, is féidir maoiniú a lorg le haghaidh:

- uaireanta iriseoireachta;
- costais eagarthóireachta/léiriúcháin;
- grianghrafadóireachta, leis an bhforáil go mbeidh na híomhánna, chomh maith leis an ábhar scríofa, ar fáil saor in aisce agus gan srianta d'aon pháirtí atá ag iarraidh an tuairisc nuachta ábhartha a athúsáid.

### 5.1.3 Cad iad téamaí agus riachtanais teanga na Scéime?

An téama atá i gceist ná ábhar nuachta a chur ar fáil nach ndéantar mórán tuairiscithe orthu nó atá i mbaol sin, ar bhonn náisiúnta agus áitiúil.

Sa chomhthéacs seo, ba cheart d'ábhar maoinithe na nithe seo a leanas a phlé:

- Tionchar na mbeartas poiblí (go háitiúil nó go náisiúnta); saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar phobail thuaithe; saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar phobail na Gaeilge; iompar; ábhar a ardaíonn feasacht agus tuiscint an phobail ar thionchar saincheisteanna AE agus saincheisteanna domhanda ar Éirinn; inbhuanaitheacht; imirce; grúpaí imeallaithe; saincheisteanna cúrsaí sóisialta agus cultúrtha le fócas nuachta.
- Téamaí/saincheisteanna ar leith a thagann faoin raon seo.
- Tionscadail chun imscrúdú a dhéanamh ar chúrsaí nuachta nach dtuairiscítear orthu i ngnáthoibríochtaí asraon nuachta/aird a tharraingt orthu;
- Ábhar nó tionscadail a chuireann i gcoinne mífhaisnéise agus bréagaisnéise i réimse an tuairiscithe nuachta agus/nó a chuireann i gcoinne seachaint nuachta;

- Abhár ar bith thuas i nGaeilge.

Is féidir ábhar a fhoilsiú/chraoladh i nGaeilge nó i mBéarla. Cinnfear an teanga de réir príomhtheanga an fhoilseacháin/soláthraithe/stáisiúin.

Cinnteoidh an Coimisiún go mbeidh ábhar a mhaoinítear faoin Scéim seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon. Cuirfidh eintitis rialáilte ábhar Gaeilge ar fáil, ar iarratas.

### 5.1.4 Cad iad na ceanglais maidir le foilsiú?

Tá tairseach ar líne ag an gCoimisiún chun go mbeidh an ábhar mhaoinithe ar fáil saor in aisce d’eagraíochtaí meán agus don phobal. Ní mór an nasc chuig an alt nó an tuarascáil a uaslódáil chuig an tairseach tiomnaithe laistigh de sheacht lá ón bhfoilsiú/craoladh.

Ba chóir go mbeadh an iriseoireacht atá maoinithe ag an Scéim ar fáil do chách (.i. gan a bheith á coinneáil taobh thiar de bhalla íocaíochta), agus saor in aisce le húsáid (lena n-áirítear saor ó oibleagáid clárú le haghaidh cuntas saor in aisce).

Ag céim an iarratais, éilíonn an Coimisiún ar iarratasóirí a dtiomantas a dheimhniú do roinnt coinníollacha a bhaineann le haon dámhachtain maoinithe:

- Ar fáil go poiblí: Cuirfear an t-ábhar go léir atá maoinithe ar fáil go poiblí saor in aisce, .i., ní taobh thiar de bhalla íocaíochta, a luaithe is féidir.
- Eitic agus caighdeáin: Déanfar an t-ábhar go léir a mhaoinítear a tháirgeadh de réir na gcaighdeán eagarthóireachta is airde;
- Ábhar comhroinnte: Aontaigh go ndéanfar an t-ábhar maoinithe go léir a uaslódáil chuig an tairseach tiomnaithe laistigh de 7 lá ón dáta foilsithe/craolta.

Eiseoidh an Coimisiún treoracha maidir le conas ba chóir ábhar maoinithe a chlibeáil (lena n-áirítear téacs, fuaim, closamhairc srl). Ní mór ábhar maoinithe a bheith saor ó chearta.

Creidiúintí: Ba chóir aon ábhar maoinithe a athúsáidtear a chreidiúint a thabhairt do fhoinse an ábhair sin, agus ba chóir ainm an tuairisceora agus teideal na Scéime, .i., Scéim Tuairiscithe Nuachta, a áireamh leis seo. Soláthróidh an Coimisiún treoir ina leith sin.

Gearáin: Ní mór go mbeadh cúrsa sásaimh ag baill den phobal i dtéarmaí próise cuí, agus sa chomhthéacs seo, ní mór don soláthraí seirbhíse meán a bheith faoi réir córas caighdeáin ábhartha agus gealltanas i scríbhinn a thabhairt don phróiseas gearán mar atá leagtha amach ag an rialtóir ábhartha.

Ceartúcháin & Soiléirithe: Tá sé ríthábhachtach go ndéileálfar go pras agus go soiléir le haon cheartúcháin nó soiléirithe a bhaineann leis an iriseoireacht tar éis í a sheachadadh (alt, tuarascáil, fuaim, closamhairc srl.). Ní mór fógra a thabhairt don Choimisiún a luaithe is féidir faoi aon leasuithe ar an iriseoireacht, nó faoi aon ghá le ceartú nó soiléiriú, agus cóip leasaithe den iriseoireacht a sholáthar dó.

### 5.1.5 Rochtain

Chun rochtain ar ábhar a éascú do dhaoine atá dall nó a bhfuil lagú radhairc orthu, nó atá bodhar nó lagú éisteachta, ba cheart ábhar digiteach maoinithe a chur ar fáil i bhformáid a leanann dea-chleachtas reatha an tionscail. Meastar gur costais incháilithe iad costais a bhaineann le gach seirbhís rochtana agus ba chóir iad a áireamh i mbuiséad an iarratais (féach 5.1.8). Breithneofar go fabhrach iarratais ina bhfuil plean le haghaidh seirbhísí rochtana.

5.1.6 Tras-scríbhinní

Ní mór aon ábhar maoinithe a chruthaítear i bhformáidí fuaime nó closamhairc a sheoladh trí nasc, más féidir, nó ní mór trascríbhinn a bheith ag gabháil leis nuair a roinntear é tríd an tairseach journalismschemes.cnam.ie. Is costas incháilithe laistigh de bhuiséad an iarratais iad costais na dtranscríbhinní (féach 6.1.8).

5.1.7 Cad iad na costais incháilithe?

Is iad na costais incháilithe na costais amháin is féidir a mhaoiniú faoin Scéim. Is éard atá i gceist le costais incháilithe ná ábhar tuairiscithe nuachta a chur ar fáil, lena n-áirítear uaireanta iriseoireachta, eagarthóireacht/léiriúchán, riarachán agus soláthar an ábhair.

Chomh maith le costais fostaíochta ghinearálta lena n-áirítear tobhaigh rialtais; d'fhéadfadh costais incháilithe costais eagarthóireachta a áireamh amhail táirgeadh ábhair; costais airgeadais lena n-áirítear an tuarascáil éilimh deontais M45 atá riachtanach do gach airgead deontais earnála poiblí; agus forálacha rochtana (bearta rochtana suímh ghréasáin, trascríbhinní d'ábhar fuaime/closamhairc srl.).

Ní mór d'iarratasóirí nótaí buiséid mionsonraithe a sholáthar a bhaineann leis na costais uile sa bhuiséad a chuirtear isteach in éineacht lena n-iarratas. Cuirfear na nótaí buiséid seo san áireamh le linn chéim an mheasúnaithe cháilíochtúil agus dá mhéad sonraí a chuirfear ar fáil, is ea is úsáidí a bheidh siad do mheasúnóirí.

Is iad costais neamh-incháilithe costais a bhaineann leis an gcruthú agus leis an seachadadh ach nach bhfuil baint dhíreach acu leis an bpróiseas cruthaitheach nó leis an bpróiseas seachadadh. I measc samplaí de chostais neamh-incháilithe tá ceannach trealaimh, dímheas, costais ghinearálta láithreáin ghréasáin, costais oiliúna agus costais chaipitil.

## 5.2 Measúnú Cáilíochtúil

Má mheastar go bhfuil an t-iarratasóir agus an t-iarratas incháilithe i ndiaidh an Réamh-Mheasúnaithe, beidh an t-iarratas incháilithe le haghaidh breithniú i gcomhair dámhachtain maoinithe. Is í an chéad chéim eile an Measúnú Cáilíochtúil, ina ndéantar measúnú ar gach iarratas ar a fhiúntais féin i gcoinne critéir cháilíochtúla réamhchinnte, atá leabaithe i gcuspóirí na Scéime Tuairiscithe Nuachta. Déanann painéal saineolaithe neamhspleách measúnú ar na hiarratais. Tá Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Cháilíochtúil leagtha amach in Aguisín 1 mar eolas agus mar thagairt.

Déanfaimid measúnú ar an gcaoi a bhfeabhsóidh an t-iarratas, sna torthaí atá beartaithe aige, iolrachas foinsí agus ábhair do lucht féachana, lena n-áirítear an leibhéal sroichte; cáilíocht an iarratais, lena n-áirítear léiriú ar shaineolas agus cóid eagarthóireachta; taifead i soláthar tuairiscithe nuachta ardchaighdeáin; na comhpháirtíochtaí atá beartaithe, lena n-áirítear an chaoi a dtacóidh sé le huasmhéadú an sroichte féideartha don lucht féachana agus inbhainte amach an méid atá beartaithe; léiriú ar luach ar airgead; agus cé chomh maith agus atá sé léirithe ag an iarratasóir go gcloífidh siad leis na caighdeáin eiticiúla agus ghairmiúla is airde san iriseoireacht agus i gcleachtais fostaíochta.

Tá 3 chritéar éigeantacha ann. Ní mór d'iarratasóir scór 50% nó níos mó a bhaint amach i ngach critéar éigeantach le bheith incháilithe le haghaidh tuilleadh measúnaithe chun maoiniú a dhámhachtain. Is iad na critéir mheasúnaithe éigeantacha ná:

- Luach Iriseoireachta ar Leas an Phobail, Breisíocht & Cáilíocht an Iarratais (lena n-áirítear réasúnaíocht don fáth nach ndéantar mórán tuairiscithe ar an ábhar sin nó a bhfuil sé i mbaol sin)

- Indéantacht, Acmhainní & Cás a rinneadh le haghaidh Maoinithe
- Eitic agus Caighdeáin

## 5.3 Measúnú Straitéiseach

I gcásanna ina bhfuil níos mó iarratais cháilitheacha ná cistí ar fáil, beidh céim mheasúnaithe bhreise ag an gCoimisiún. Díreofar leis seo ar cháilíocht na n-iarratas aonair agus ar an bpacáiste foriomlán dámhachtainí maoinithe a chomhlíonann aidhmeanna na Scéime ar an mbealach is fearr le chéile. Cuirtear pacáiste deiridh moltaí faoi bhráid na gCoimisinéirí ansin lena bhreithniú agus lena ndaingniú. Tá Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Straitéisigh leagtha amach in Aguisín 1. Is iad seo a leanas na critéir mheasúnaithe don chéim seo:

- Éagsúlacht foinsí (iolrachas) agus ábhair
- Cruthaitheacht an togra agus na n-iarratas trasardáin, más ábhartha
- Leibhéal comhoibrithe agus comhroinnte ábhair le soláthraithe seirbhísí meán eile agus an raon lucht féachana gaolmhar
- Moltaí ó na painéil mheasúnaithe cáilíochtúla
- Inbhuanaitheacht comhshaoil
- An Ghaeilge

## 5.4 Daingniú an Choimisinéara

Baineann an chéim dheireanach le machnamh na gCoimisinéirí ar an bpacáiste moltaí a eascraíonn as na céimeanna measúnaithe roimhe seo. Tar éis a dh#aingnithe, cuirtear gach iarratasóir ar an eolas trí ríomhphost faoin gcinneadh maoinithe a bhaineann lena n-iarratas.

## 5.5 An Próiseas Chinnteoireachta

Leanfaidh an Coimisiún na nósanna imeachta seo a leanas agus é ag cinneadh oiriúnachta iarratasóra chun maoiniú a fháil:

5.5.1 Déanfar réamh-mheasúnú ar gach iarratas lena chinntiú go gcomhlíonann sé critéir cháilitheacha na scéime, lena n-áirítear incháilitheacht an iarratasóra, agus go bhfuil an fhaisnéis agus an cháipéis uile a theastaíonn curtha isteach. Dícháileofar aon iarratasóir nach gcomhlíonann na critéir uile atá liostaithe agus eiseofar ón bpróiseas iarratais é/í (féach Aguisín 1).

5.5.2 Déanfaidh foireann an Choimisiúin seiceáil le measúnóirí le fáil amach an bhfuil aon choinbhleacht leasa féideartha ann sula ndáilfear aon iarratais ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den mheasúnú. Socrófar na hiarratais incháilithe i ngrúpaí ansin agus sannfar iad do Phainéal um Mheasúnú Cáilíochtúil.

Beidh an Painéal comhdhéanta d’fhoireann an Choimisiúin agus de mheasúnóirí seachtracha, agus agus gach painéal á bhunú, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na scileanna agus an taithí chuí a bheidh riachtanach chun na tionscadail a mheas. Déanann gach ball seachtrach den phainéal measúnú ar gach iarratas go neamhspleách.

Tionóltar cruinniú ansin chun gach iarratas a phlé, áit a gcomhaontóidh an painéal ar scór do gach iarratas agus liosta de mholtaí maoinithe. Nuair a bheidh na cruinnithe measúnaithe painéil go léir críochnaithe, lena n-áirítear faomhadh na gcáipéisí ón gcruinniú measúnaithe agus moltaí ón bpainéal, cuirtear liosta iomlán na moltaí maoinithe le chéile. Bronntar maoiniú ar an iarrthóir is fearr, mar a chomhaontaíonn gach painéal.

Breithneofar na dámhachtainí maoinithe iomlána ansin. Má sháraíonn an méid maoinithe atá molta an méid atá ar fáil, beidh gá le céim mheasúnaithe straitéisigh.

5.5.3 Bunófar Painéal um Mheasúnú Straitéiseach ar a mbeidh baill shinsearacha de bhainistíocht an Choimisiúin agus baill foirne atá bainteach le reáchtáil na Scéime. Breithneoidh an fóram seo scóir an Mheasúnaithe Cháilíochtúil, moltaí an phainéil agus na critéir straitéiseacha go comhchoiteann. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún díriú ar chothromaíocht i dtéarmaí ábhair a éascaíonn an meascán is fearr d'fhoinsí iriseoireachta ardchaighdeáin bunaithe ar na hiarratais a fuarthas don bhabhta maoinithe.

Bronnfar maoiniú ar na hiarratais is fearr a chomhlíonann cuspóirí an bhabhta maoinithe agus na scéime, agus a bhaineann amach na scóir is airde dá réir.

5.5.4 Déanann na Coimisinéirí na cinntí ar na hiarratais ansin, agus na moltaí a thagann chun cinn ó na céimeanna measúnaithe roimhe sin á gcur san áireamh. Is cinntí deiridh iad cinntí na gCoimisinéirí.

## 5.6 Cinntí Maoinithe

### Iarratais rathúla

Sa chás go bhfuil iarratas ar mhaoiniú ceadaithe ag an gCoimisiún, tá feidhm ag na céimeanna seo a leanas:

- Cuirfidh Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, agus leagfar amach ann aon choinníoll/coinníollacha bheidh ag gabháil leis an tairiscint maoinithe.
- Cuirfidh an Coimisiún liosta de na tairiscintí maoinithe atá daingnithe ag na Coimisinéirí ar fáil don phobal.
- Ní mór don iarratasóir a n-éireoidh leo a dheimhniú go nglacann siad leis an tairiscint ar mhaoiniú agus le haon choinníoll/coinníollacha sonraithe ag an gCoimisiún.
- Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil comhaontú conarthach a dhéanamh leis An gCoimisiún, ar théarmaí atá le sonrú ag an gCoimisiún. Áirítear leis na téarmaí sin soláthar táirgí insoláthartha faoin gconradh ag an iarratasóir rathúil, agus sceideal a bhaineann le tarraingt anuas cistí ag iarratasóir. Déanann An Coimisiún cistí a riar i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe chonarthaigh.

### Iarratais nach n-éiríonn leo

I gcás nach n-éiríonn le hiarratas ar mhaoiniú, tugtar fógra do na hiarratasóirí ina n-aonar agus tugtar aiseolas dóibh ar fhiúntais/cháilíocht a n-iarratais sa phróiseas measúnaithe. Ní chuirfear iarratasóirí ar an eolas faoi thoradh a n-iarratais ach amháin tar éis don phróiseas measúnaithe agus daingniúcháin a bheith críochnaithe. Léireofar san fhógra faoin gcinneadh maoinithe chuig an iarratasóir cén chéim a diúltaíodh don iarratas:

- Má dhiúltaítear don iarratas le linn an Mheasúnaithe Réamhchéime, léireofar san fhógra é mar 'Níor éirigh leis - Réamhchéim'.
- Má dhiúltaítear d'iarratas le linn an Mheasúnaithe Cháilíochtúil, léireofar san fhógra é mar 'Níor éirigh leis – Cáilíochtúil'.
- Má dhiúltaítear d'iarratas le linn an Mheasúnaithe Straitéisigh, léireofar san fhógra é mar 'Níor éirigh leis – Straitéiseach'.

## 5.7 Conradh do dhéanamh

Agus conradh á dhéanamh leis an gCoimisiún, beidh ar iarratasóir rathúil táirgí insoláthartha áirithe a sholáthar don Choimisiún. Mar eolas, tá liosta **neamh-uileghabhálach** thíos de na rudaí a bheadh ag teastáil

an tráth a dhéanfar an conradh. Tabhair faoi deara nach gá na doiciméid seo a bheith i bhfeidhm agus iarratas á dhéanamh, níl iontu seo ach treoir amháin.

- Buiséad
- Plean Airgeadais
- Sonraí Iriseoireachta agus Deontais
- Gan Litir Fritháirimh ón mbanc ábhartha
- Faisnéis maidir le hImréiteach Cánach
- Cuntais sínithe is déanaí
- Cruthúnas ar árachas leordhóthanach

Tuairisciú

Caithfidh an té ar a mbronnfar an deontas tuairisciú a dhéanamh ar an gcaoi inar caitheadh an deontas lena dheimhniú gur úsáideadh é chun na críche atá leagtha amach san iarratas ar mhaoiniú agus a rinne an Coimisiún a fhaomhadh nuair a rinneadh an maoiniú a bhronnadh. Beidh gá le tuarascálacha ar thorthaí tionscadail. Soláthróidh an Coimisiún treoirlínte tuairiscithe toraidh.

Maidir leis seo, ní mór do gach deontaí tuarascáil deiridh a chur isteach laistigh de dhá mhí ó dháta críochnaithe an tionscadail agus an chomhaontaithe deontais. Ba chóir go mbeadh faisnéis i ngach tuarascáil faoin gcaoi ar caitheadh an t-airgead agus na torthaí a baineadh amach. Ba cheart go n-áireofaí leis seo fianaise ar raon feidhme ar fud ardáin, lena n-áirítear léitheoirí, lucht éisteachta, lucht féachana agus idirghníomhaíocht ar líne, aon aiseolas lena n-áirítear na meáin shóisialta agus cóipeanna agus/nó sleachta d'aon ailt nó tuarascálacha ar leith ar mhaith leat aird a tharraingt orthu. Beidh an fhoirm um Thuarascáil Deiridh an Tionscadail ar fáil trí cnam.submit.com.

Iniúchadh

Ní mór do gach deontasóir fianaise dhoiciméadach a choinneáil ar chaiteachas a tabhaíodh i gcoinne an deontais chun críocha iniúchta ar feadh tréimhse sé (6) bliana tar éis an deontas a fháil. Déanfaidh An Coimisiún iniúchtaí randamacha mar a fhoráiltear i gconradh maoinithe An Choimisiúin. Tá gach conradh maoinithe agus táirgí insoláthartha agus sonraí airgeadais gaolmhara oscailte d'iniúchtaí AE freisin.

Dúbláil Maoinithe

Má éiríonn leat, iarrfar ort a dheimhniú nach bhfuil aon fhoinse eile ag íoc as costais na ngníomhaíochtaí atá beartaithe.

## 5.8 Séanadh

Ní cuntas uileghabhálach ar na ceanglais reachtúla agus na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar iarratasóirí ar mhaoiniú faoin Scéim atá san fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa doiciméad seo. Níor cheart é a mheas mar ráiteas dlí iomlán ná údarásach.

Ní mór do dhaoine a bhfuil an doiciméad seo ar fáil dóibh a measúnú neamhspleách féin a dhéanamh tar éis dóibh a gcomhairle ghairmiúil féin a fháil agus aon imscrúduithe breise a dhéanamh, de réir mar is gá dar leo, ar gach ábhar ábhartha. Ní dhéanann an Coimisiún aon uiríoll ná barántaí, sainráite ná intuigthe, i ndáil leis an bhfaisnéis atá sa cháipéis seo ná i ndáil le haon fhaisnéis ó bhéal nó i scríbhinn a dhéantar nó a chuirfear ar fáil d'aon iarratasóir ionchasach nó dá chomhairleoirí gairmiúla. Séantar go sainráite aon dliteanas ina leith seo.

## Aguisín 1 – Maitrísí Scórála Measúnaithe

### Maitrís Scórála Réamh-mheasúnaithe

| Critéir | *Tá/Níl* |
|---|---|
| **Incháilitheacht**: *An bhfuil an t-iarratasóir incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin Scéim Tuairiscithe Nuachta agus an gcomhlíonann an t-iarratas riachtanais bhunúsacha na scéime? Cuirfidh sé san áireamh ar cibé acu:* | |
| *go gcomhlíonann stádas an iarratasóra ceanglais na scéime; gur eintiteas é an t-iarratasóir atá faoi réir córas caighdeán/cód ábhartha nó iriseoir neamhspleách atá i gcomhpháirtíocht le heintiteas den sórt sin.* | |
| **Feabhsú eolais an phobail trí thuairisciú nuachta breise a sholáthar**: *An bhfuil dearbhú tugtha ag an iarratasóir go bhfuil baint dhíreach ag an tionscadal atá beartaithe leis an téama seo agus go bhfuil sé mar aidhm aige an cuspóir leasa phoiblí seo a chomhlíonadh?* | |
| **An bhfuil an t-iarratas críochnaithe?** *An bhfuil an t-iarratasóir tar éis cloí leis na treoirlínte iarratais go léir agus an bhfuil an doiciméadacht ábhartha go léir curtha isteach aige/aici?* | |

***Mura gcomhlíontar aon cheann de na critéir íosta seo, ní bhreithneofar iarratais a thuilleadh. Cuirfidh an Coimisiún aiseolas mionsonraithe ar fáil don iarratasóir maidir le haon saincheisteanna a shainaithneofar.***

## Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Cháilíochtúil

| Critéir | Scór atá ar Fáil |
|---|---|
| ***Luach Iriseoireachta Leasa Poiblí, Breisíocht & Cáilíocht an Iarratais:***<br>• *Cé chomh mór agus a léiríonn an togra go gcuirfidh sé le cruthú iriseoireachta leasa phoiblí bhreise do shaoránaigh?*<br>• *Cé chomh mór agus a léiríonn an togra go gcuirfidh sé le cruthú ábhair i gcomhréir leis an ábhar (na téamaí) atá beartaithe don scéim?*<br>• *Cé chomh fada agus a léiríonn an t-iarratasóir an méid nach ndéantar mórán tuairiscithe ar an iriseoireacht leasa phoiblí seo faoi láthair nó an méid atá i mbaol go ndéanfar í a bheagán tuairiscithe, agus dá bhrí sin atá sí faoi bhagairt?*<br>• *Cé chomh soiléir agus a sholáthraíonn an togra fianaise ar an lucht féachana beartaithe agus ar inrochtaineacht an ábhair?*<br>• *An bhfuil leor sonraí/eolais curtha ar fáil san iarratas (.i. an iarratas dea-chaighdeáin é)?* | 50 |
| ***Indéantacht, Acmhainní & Argóint déanta le haghaidh maoinithe (.i. indéantacht an tionscadail):***<br>• *An léiríonn buiséad an togra luach ar airgead agus an bhfuil an méid atá á iarraidh réalaíoch? (An mínítear sa bhuiséad cén fáth go bhfuil gá le línte costais ar leith agus cén fáth go bhfuil údar maith leo i gcomhthéacs an tionscadail atá beartaithe?)*<br>• *An bhfuil an tionscadal féin indéanta agus an togra réadúil? An féidir leis an iarratasóir é a chomhlíonadh, i bhfianaise na n-acmhainní agus an chur chuige atá leagtha amach? An bhfuil sonraí mhéid an tionscadail leagtha amach go soiléir sa togra? (An imscrúdaitheach, foirm fhada atá ann agus ar cé na hardáin agus i gcé na formáidí a fhoilseofar/a chraolfar é? Líon na n-alt/gcraoltaí?)*<br>• *Cé chomh mór agus a léiríonn an togra an cumas chun tacú leis an tionscadal maoinithe i gcáil eagarthóireachta(taithí, dualgas cúraim)?*<br>• *Cé chomh fada agus a léiríonn an togra an cumas chun tacú leis an tionscadal maoinithe i gcáil gnó (airgeadas, dlí, AD, comhlíonadh, beartais agus coimircí corparáideacha)?*<br>• *An bhfuil aon chomhpháirtíocht fhoirmiúil nó neamhfhoirmiúla le tríú páirtithe ábhartha molta ag an iarratasóir? Más ea, cén leibhéal feabhsúcháin a thugann sé don togra?* | 40 |
| ***Eitic agus Caighdeáin:***<br>• *An bhfuil taifead leordhóthanach léirithe ag an iarratasóir maidir le hiriseoireacht leasa phoiblí a sholáthar?*<br>• *An bhfuil foireann eagarthóireachta le taithí acu ann chun maoirseacht a dhéanamh ar cháilíocht an ábhair mhaoinithe, agus an bhfuil sonraí tacaíochta faoin iarratasóir agus faoi phríomhphearsanra, amhail curriculum vitae, curtha san áireamh acu?*<br>• *An bhfuil polasaí eagarthóireachta soiléir curtha san áireamh acu a léiríonn a gcumas agus a scileanna riachtanacha chun cáilíocht an ábhair mhaoinithe, cloí le cóid agus caighdeáin ábhartha agus próiseas mionsonraithe um chúiteamh/gearáin a chinntiú?* | 10 |

***Ní mór d'iarratasóir scór 50% ar a laghad a bhaint amach faoi gach critéar le bheith incháilithe le haghaidh dámhachtain maoinithe.***

## Maitrís Scórála an Measúnaithe Straitéisigh

| Critéir: | Scór atá ar Fáil |
|---|---|
| **Éagsúlacht foinsí agus ábhair:**<br>*Cé chomh héagsúil is a léiríonn an t-iarratasóir sa togra, idir chur chuige agus chur i bhfeidhm, agus sna seirbhísí rochtana a chuirfear ar fáil d'aon ábhar fuaime nó closamhairc a mhaoineofar?*<br><br>*Cé chomh fada agus a léiríonn nó a chuireann an togra cur chuige nuálach nó cruthaitheach i leith na dtéamaí chun cinn?*<br><br>*Chun a chinntiú go gcruthófar agus go bhfoilseofar réimse éagsúil iriseoireachta nuachta leasa phoiblí do shaoránaigh ar fud na tíre, ní mór cothromaíocht a bhaint amach i ndáileadh cistí trasna réimsí (áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta), foinsí agus lucht féachana.* | 30 |
| **Éagsúlacht agus deiseanna nua:**<br>*Cé chomh mór agus a léiríonn an t-iarratasóir breisíocht i dtéarmaí éagsúlachta agus deiseanna nua nó feabhsaithe do bhaill foirne/iriseoirí agus aschur?* | 20 |
| **Comhoibriú & comhroinnt ábhair (lena n-áirítear trasna ardáin):**<br>*An bhfuil aon chomhpháirtíochtaí molta ag an iarratasóir?*<br>*Cén chaoi a neartaíonn an chomhpháirtíocht an t-iarratas i dtéarmaí aidhmeanna agus cuspóirí na scéime, lena n-áirítear fairsinge agus éagsúlacht an lucht féachana?* | 20 |
| **Inbhuanaitheacht Chomhshaoil:**<br>*An bhfuil sonraí tugtha ag an iarratasóir faoi chur chuige i leith cruthú ábhair atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus faoi aon tionscnaimh a chabhraíonn le tionchar ghníomhaíochtaí an iarratasóra ar an gcomhshaol a laghdú?* | 10 |
| **An Ghaeilge:**<br>*mór don Choimisiún a chinntiú go gcuirtear ar fáil 25% ar a laghad den mhaoiniú le haghaidh iriseoireachta ar son leas an phobail i nGaeilge.Ní mór don iarratasóir a léiriú go soiléir go gcomhlíonfaidh an t-ábhar a chruthaítear i nGaeilge riachtanais an luchta féachana, lena n-áirítear cainteoirí Gaeilge, agus go mbeidh an íosleibhéal inniúlachta ag leibhéal B2 den Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha agus ag leibhéal C1 i Limistéir Phleanála Teanga, i mBailte Seirbhíse na nGaeltachtaí agus i Líonraí Gaeilge ag aon iriseoir/iriseoirí atá sainaitheanta nó beartaithe. Tabharfar aird freisin ar an gcaoi a rachaidh an togra chun tairbhe phobal na Gaeilge.* | 10 |
| **Scór Measúnaithe Cáilíochtúil:** *Scór arna bhronnadh ag an bPainéal Measúnaithe Cáilíochtúil.* | 10 |